# Plean Gnó EirGrid d’Athbhreithniú ar Phraghsanna 6 (2026–2030)

## Achoimre i nGaeilge Shimplí

Iúil 2025



EirGrid.ie

# Clár na nÁbhar


Clár na nÁbhar 2

1 Eolas fúinne agus maidir leis an obair a dhéanaimid 3

2 Ár bhfís 3

3 Rannpháirtíocht EirGrid le Líonraí BSL 4

4 A bhfuil le baint amach againn 5

5 Beart a dhéanamh ar son na todhchaí 5

6 Tábhacht an rannpháirteachais le páirtithe leasmhara 6

7 Clár infheistíochta 6

7.1 Claochlú Digiteach 6

7.2 Athléimneacht agus Nuachóiriú Teicneolaíochta 6

7.3 Cibearshlándáil 7

7.4 Feabhsuithe Toillte an Chórais Chumhachta 7

7.5 Comhordú OCT-OCD 7

7.6 Clár Ullmhachta Oibríochta Celtic 7

7.7 Bonneagar an Ionaid Rialaithe 8

7.8 Plean Líonra Ar Tír 8

7.9 Plean Líonra agus Ullmhachta Amach ón gCósta 8

7.10 Ár bhfórsa oibre a shaothrú 8

8 Infheistiú i dtodhchaí na hÉireann 9

9 Conclúid 11




# 1 Eolas fúinne agus maidir leis an obair a dhéanaimid

Déanann EirGrid, mar Oibritheoir Córais Tarchurtha (OCT), an eangach tharchurtha in Éirinn a fhorbairt, a bhainistiú agus a oibriú.

Tá cothromaíocht idir soláthar agus éileamh á cinntiú againn ag gach nóiméad, agus tá pleanáil á déanamh againn do riachtanais leictreachais fhadtéarmacha na hÉireann ag an am céanna.

Tá sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh inár mbonneagar eangaí agus in acmhainneacht agus cumas EirGrid a ról ríthábhachtach a chomhlíonadh chun neamhspleáchas agus slándáil fuinnimh níos fearr a chinntiú, chomh maith le tacú le fás eacnamaíoch náisiúnta agus réigiúnach agus le sochaí athléimneach.

Táimid ag cur chun cinn an chláir oibre is uaillmhianaí dá ndearnadh riamh sa chóras tarchurtha in Éirinn. Áirítear leis sin méideanna suntasacha de ghiniúint fuinnimh a nascadh, lena n-áirítear an ghaoth amach ón gcósta agus ar tír, an ghrian agus gnáthfhoinsí fuinnimh eile, agus an eangach a threisiú ag an am céanna chun an chumhacht sin a thabhairt chomh fada le custaiméirí éilimh ar fud na tíre.

Mar chuid dár gcuid oibre, tá EirGrid ag déanamh eangach in-athnuaite na hÉireann i gcomhréir le spriocanna an Rialtais maidir le Gníomhú ar son na hAeráide.

Tréimhse fáis atá ann faoi láthair in Éirinn agus i ngeilleagar na hÉireann araon, tréimhse ar cuireadh dlús léi faoi Chlár Rialtais 2025, 'Todhchaí na hÉireann a Dhaingniú'.

Sa Chlár sin, leagann an Rialtas béim ar thosaíocht a thabhairt do sholáthar tionscadal bonneagair riachtanach, lena n-áirítear fuinneamh, agus tugann sé gealltanas tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht sa chóras leictreachais.

Agus dul chun cinn suntasach á dhéanamh ag EirGrid maidir lenár spriocanna a bhaint amach, táimid fós ag díriú ar oibriú go dlúth lenár gcuid páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an Rialtas, ár Rialtóir agus an earnáil na tionsclaíochta, chun tacú le dul chun cinn na hÉireann maidir le todhchaí níos glaine agus níos inbhuanaithe a chruthú.

# 2 Ár bhfís

Gach cúig bliana, forbraíonn EirGrid Plean Gnó don Rialálaí Fuinnimh, an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU), chun córas tarchurtha a oibriú agus a fhorbairt do na cúig bliana amach romhainn.

Is achoimre é an doiciméad seo i nGaeilge shimplí ar ár bPlean Gnó, 'Athbhreithniú ar Phraghsanna 6' nó 'AP6', ina sonraítear ár bpríomhthosaíochtaí do thréimhse AP6 (an 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2030), mar aon leis an méid a mheastar a chosnóidh sé chun na tosaíochtaí sin a bhaint amach.

D'fhorbair EirGrid an plean sin i gcomhthéacs na gcuspóirí atá leagtha síos ag an Rialtas agus ag an CRU.

Beidh tionchar ar ár gcuid oibre ag an bpríomhreachtaíocht agus ag príomhthionscnaimh amhail an Pacáiste reachtach Eorpach um Fhuinneamh Glan[1] (PFG), an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide[2]

[1] Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Eorpach leis an PFG. Is éard atá i gceist leis an PFG, atá comhdhéanta d'ocht ngníomh reachtacha, nuashonrú cuimsitheach ar chreat beartais fuinnimh an Aontais arb é is aidhm dó an t-aistriú chuig fuinneamh níos glaine a chumasú agus laghdú ar leibhéil astaíochtaí gás ceaptha teasa a éascú, lena n-áirítear an rialachán athbhreithnithe maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (Rialachán (AE) 2019/943), lena leasaítear gnéithe de mhargaí mórdhíola leictreachais san Eoraip chun an t-aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite a

éascú. Tháinig an PFG i bhfeidhm i mí Iúil 2019 agus bhí feidhm ag formhór na nAirteagal i Rialachán (AE) 2019/943 ó mhí Eanáir 2020.

[2] An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide (www.gov.ie)
[3] an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (europa.eu)
[4] Tithíocht do Chách - Plean Tithíochta Nua d'Éirinn (www.gov.ie)
[5] An Plean Forbartha Náisiúnta (2021-2030) (www.gov.ie)
[6] An tAcht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021 (www.irishstatutebook.ie)

(**PGA**), an Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite3 (**RED III**), Tithíocht do Chách4, an Plean Forbartha Náisiúnta5, an tAcht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, (**PLM**) 20216, agus ról nua EirGrid san earnáil amach ón gcósta lena n-áirítear bonneagar amach ón gcósta a sholáthar ar Chósta Theas na hÉireann. Tá gá le leibhéal infheistíochta nach bhfacthas a leithéid riamh chun an eangach tharchurtha a dhéanamh níos athléimní agus níos ullmhaithe don fhuinneamh in-athnuaite. Chomh maith leis sin, beidh EirGrid ag cumasú ath-lánpháirtiú na margaí leictreachais ar Oileán na hÉireann le margaí leictreachais na hEorpa tríd an Idirnascaire Ceilteach, a thabharfar tuilleadh athruithe agus forbairtí leis.

Rinneadh tograí caiteachais EirGrid a leagtar amach sa phlean seo a mheas go cúramach agus a dhearadh chun tacú leis na cuspóirí sin a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach, éifeachtúil, sábháilte, iontaofa agus slán, agus tacaíodh le todhchaí níos glaine, níos inbhuanaithe d'Éirinn ag an am céanna.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil i bPlean Gnó AP6 EirGrid ach cuid amháin de threochlár straitéiseach lena gcuirtear an dúshraith i bhfeidhm le haghaidh tuilleadh infheistíochta tar éis 2030 agus muid ag leanúint de thacaíocht a thabhairt d'aistear dícharbónaithe na hÉireann.

Ag féachaint chun cinn go dtí 2050, tá a fhios againn cheana féin go mbeidh i gceist lenár gcuid oibre ní hamháin an eangach a neartú ach í a fhorbairt freisin. Chuige sin, beidh gá le méid ollmhór comhair ar fud na hearnála fuinnimh, chun tuiscint a fháil ar na teicneolaíochtaí nua agus ar an nuálaíocht nua a d'fhéadfadh cabhrú linn líonra a chruthú, arna chumhachtú ag foinsí in-athnuaite fuinnimh, ar féidir leis freastal ar an éileamh méadaithe. Beidh gá freisin le hinfheistíocht shubstaintiúil mharthanach.

Roinneamar an plean sin leis an CRU i mí Dheireadh Fómhair 2024 lena mbreithniú i gcomhréir leis na hamlínte le haghaidh AP6. Reáchtálfaidh an CRU comhairliúchán foirmiúil maidir le dréachtchinneadh mar chuid den phróiseas sin, agus déanfaidh sé cinneadh críochnaitheach maidir leis an gcreat agus leis na costais in 2025.

# 3 Rannpháirtíocht EirGrid le Líonraí BSL

Déanann EirGrid an eangach tharchurtha in Éirinn a phleanáil, a bhainistiú agus a oibriú mar OCT. Iompraíonn an eangach tharchurtha cumhacht ón áit a ngintear í agus tugann sí í chuig an tionscal agus chuig gnólachtaí a úsáideann méideanna móra leictreachais. Is é EirGrid úinéir sócmhainne na heangaí tarchurtha amach ón gcósta freisin.

Tá ról ag Líonraí BSL mar Úinéir Sócmhainní Tarchurtha (ÚST). Ciallaíonn sé sin gur leis an eangach tharchurtha ar tír agus go bhfuil sé freagrach as í a thógáil agus a chothabháil i gcomhréir leis na pleananna forbarthaá leagtha amach ag EirGrid.

Is é Líonraí BSL an tOibritheoir Córais Dáileacháin (OCD) freisin. Ciallaíonn sé sin go ndéanann Líonraí BSL (mar OCD) an líonra dáileacháin a phleanáil, a bhainistiú agus a oibriú; is líonra é sin a sholáthraíonn an leictreachas a úsáidtear i dtithe, i scoileanna, in ospidéil agus i bhfeirmeacha. Tá an córas dáileacháin nasctha leis an gcóras tarchurtha ach tá sé á oibriú ar leithligh ag Líonraí BSL.

Gach cúig bliana, forbraíonn EirGrid agus Líonraí BSL (ÚST) Pleananna Gnó um Rialú Praghsanna le haghaidh Tarchuir de réir ár ról faoi seach. I dteannta a chéile, cinntímid go bhfuil na pleananna sin ailínithe le béim ar leith ar aon spleáchas idir an dá cheann.

# 4 A bhfuil le baint amach againn

Leagadh amach ag ár rialtóir, an CRU, an méid is gá dúinn a bhaint amach trínár bPlean Gnó AP6 trí na trí thoradh seo a leanas a shonraítear ina Pháipéar Straitéise AP6:

- **Leictreachas Dícharbónaithe:** Ní mór do EirGrid (agus Líonraí BSL) cur i gcrích uaillmhianta dícharbónaithe na hÉireann a éascú, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann ardleibhéil leictreachais in-athnuaite a chomhtháthú agus córas leictreachais ísealcharbóin atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn. Féachfaidh EirGrid leis an toradh sin a bhaint amach trí go leor gnéithe de Threochlár Soláthair AP6, amhail comhtháthú teicneolaíochtaí agus uirlisí nua, ullmhacht don Idirnascaire Ceilteach, chomh maith lenár gcláir fhairsinge líonra tarchurtha, ar tír agus amach ón gcósta araon. Beidh ról nua ag EirGrid maidir leis an mbonneagar eangaí tarchurtha is gá a thógáil, a shealbhú, a oibriú agus a chothabháil chun an chumhacht a ghineann feirmeacha gaoithe amach ón gcósta a thabhairt isteach inár n-eangach náisiúnta.
- **Líonraí agus Soláthairtí Slána agus Athléimneacha:** Ní mór do EirGrid líonra tarchurtha agus soláthar leictreachais atá sábháilte, slán agus athléimneach a chinntiú. Bhí sé ina thosaíocht i gcónaí ag EirGrid ina cháil mar OCT soláthar sábháilte agus slán leictreachais a chur ar fáil. Féachfaidh EirGrid leis an toradh sin a bhaint amach in AP6 trí go leor gnéithe de Threochlár Soláthair AP6, amhail ár gClár Cibearshlándála, athruithe ar an Lárionad Náisiúnta Rialaithe, a uirlisí, agus soláthar bonneagair líonra.
- **Custaiméirí Cumhachtaithe:** Ní mór do EirGrid seirbhísí ardcháilíochta iontaofa a sholáthar do chustaiméirí, lena n-áiritheofar go gcloisfear a nguth agus go léireofar é san obair a dhéanann siad, agus go n-íoslaghdófar costas an aistrithe. Féachfaidh EirGrid leis an toradh sin a bhaint amach trí chustaiméirí agus páirtithe leasmhara a chumhachtú trí phróisis éifeachtúla chuimsitheacha chomhairliúcháin agus rannpháirtíochta, chun go mbeidh siad in ann teacht ar thuairimí eolasacha agus cinntí eolasacha a dhéanamh.

# 5 Beart a dhéanamh ar son na todhchaí

Chun na torthaí sin a bhaint amach, tá na cuspóirí straitéiseacha seo a leanas leagtha amach ag an CRU do gach cuideachta líonra (lena n-áirítear EirGrid):

- Bonneagar a sheachadadh ar luas.
- Éifeachtúlacht an chórais a fheabhsú.
- A chinntiú go gcomhlíonfar na caighdeáin maidir le slándáil an tsoláthair.
- Líonraí níos cliste, níos solúbtha agus níos cumasaithe go digiteach a spreagadh.
- Custaiméirí i gcroílár na pleanála gnó agus na cinnteoireachta.

Ina theannta sin, leag CRU béim ar a thábhachtaí atá sé cumas EirGrid a fhorbairt chun a ghníomhaíochtaí leathnaithe a bhaint amach mar úinéir agus oibritheoir na sócmhainní tarchurtha amach ón gcósta.

Choinnigh EirGrid na tosaíochtaí, na torthaí agus na cuspóirí thuas chun tosaigh inár smaointeoireacht agus ár bpleananna agus ár dtosaíochtaí do AP6 á bhforbairt againn.

# 6 Tábhacht an rannpháirteachais le páirtithe leasmhara

Trí rannpháirtíocht fhóinteach lenár bpáirtithe leasmhara, faighimid léargais luachmhara ar mheon na bpáirtithe leasmhara, rud a chuireann ar ár gcumas ár gcuspóirí a ailíniú agus aghaidh a thabhairt ar aon ábhar imní. Leis an gcur chuige cuimsitheach sin, ní hamháin go bhfeabhsaítear an trédhearcacht ach neartaítear an caidreamh freisin, agus sinn ag dul in oiriúint do mhargadh fuinnimh atá ag athrú go tapa.

De réir mar a fhorbrófar an reachtaíocht fuinnimh náisiúnta agus Eorpach araon, forbrófar timpeallacht na bpáirtithe leasmhara ina n-oibrímid freisin. Tá páirtithe leasmhara éagsúla againn, lena n-áirítear custaiméirí, a bhfuil an líonra tarchurtha leictreachais á oibriú thar a gceann, rannpháirtithe tionscail, grúpaí sochaí agus eagraíochtaí reachtúla, reachtóirí agus go leor eile.

Trí leanúint de thosaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, tá sé mar aidhm againn a chinntiú go mbeidh an deis ag na páirtithe leasmhara uile bonn eolais a chur faoinár gcinnteoireacht, le linn thréimhse AP6 agus ina dhiaidh sin.

# 7 Clár infheistíochta

Tá plean gnó cuimsitheach forbartha againn a bhfuil sé mar aidhm aige cuspóirí an Rialtais agus an rialtóra a bhaint amach. Mar thoradh air sin, forbraíodh na réimsí fócais seo a leanas do thréimhse AP6 a leagtar amach ar bhealach níos mionsonraithe thíos, réimsí fócais atá mar chuid de threochlár soláthair AP6 againn:

- **Claochlú Digiteach**
- **Athléimneacht agus Nuachóiriú Teicneolaíochta**
- **Cibearshlándáil**
- **Feabhsuithe Toillte an Chórais Chumhachta**
- **Comhordú OCT OCD**
- **Bonneagar an Ionaid Rialaithe Náisiúnta**
- **Clár Ullmhachta Oibríochta Celtic**
- **Plean Líonra Ar Tír**
- **Plean Líonra agus Ullmhachta Amach ón gCósta**
- **Ár bhfórsa oibre a shaothrú**

## 7.1 Claochlú Digiteach

Mar oibreoir 'Bonneagar Náisiúnta Criticiúil', ní mór réitigh shlána athléimneacha TF a bheith ag EirGrid atá mar bhonn taca lenár gcuid oibre ar an gcóras cumhachta.

Mar chuid dár bPlean Gnó AP6, glacfaidh EirGrid bealaí nua chun oibriú trí raon réiteach digiteach a úsáid. Is é ár gcuspóir go mbeidh rochtain thapa ag ár bpáirtithe leasmhara ar fhaisnéis agus go bhfeicfidh siad EirGrid mar eagraíocht a fhreagraíonn go hiontaofa agus go tapa. Leis an gcomhar agus an fhreagrúlacht fheabhsaithe sin, beifear in ann soláthar tapa a dhéanamh.

## 7.2 Athléimneacht agus Nuachóiriú Teicneolaíochta

Le clár Athléimneachta agus Nuachóirithe Teicneolaíochta EirGrid, díreofar go sonrach ar ár gcuid feidhmchlár a nuachóiriú lena chinntiú go bhfuil siad ag teacht le caighdeáin teicneolaíochta agus

riachtanais an ghnólachta. Cuideoidh an clár sin le héifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú agus le haga neamhfhónaimh a laghdú ag an am céanna trí úsáid sonraí fíor-ama a mhéadú. Feabhsófar an tslándáil agus an iontaofacht freisin de réir mar a leanaimid orainn dár gcumais teicneolaíochta a fheabhsú.

## 7.3 Cibearshlándáil

Tá timpeallacht bhagartha an lae inniu an-sofaisticiúil agus tá sí ag síorathrú, agus is é sin an fáth a bhfuil sé chomh criticiúil sin an leibhéal is airde athléimneachta cibearshlándála a chinntiú. Mar chuid den chlár oibre sin, leanfaidh EirGrid d'fheabhas a chur ar ár gcumais chibearshlándála ionas gur féidir linn rioscaí cibearshlándála a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, a mheasúnú agus a mhaolú. Cuideoidh sé sin le cosaint an chórais tarchurtha leictreachais ar chibirionsaithe a d'fhéadfadh cur isteach ar sheirbhísí riachtanacha, agus coinneoidh sé muinín na bpáirtithe leasmhara in EirGrid agus i gcáil na hÉireann mar áit chobhsaí, shlán agus iontaofa chun cónaí, obair agus infheistíocht a dhéanamh ag an am céanna.

## 7.4 Feabhsuithe Toillte an Chórais Chumhachta

Faoi láthair, is féidir le heangach leictreachais na hÉireann freastal ar suas le 75% den ghiniúint in-athnuaite ag aon am amháin, céatadán ard de réir caighdeáin idirnáisiúnta.  Is é sprioc EirGrid é sin a mhéadú go 95% i gcomhréir le spriocanna an Rialtais. Chun é sin a dhéanamh, beidh gá lenár gcumais oibríochtúla tuilleadh oiriúnaithe agus forbartha a dhéanamh chun an t-aistriú an-chasta agus teicniúil sin a bhainistiú.

Is é an bhéim a bheidh againn don chlár oibre sin ná cobhsaíocht na heangaí a fheabhsú agus úsáid fuinnimh a bharrfheabhsú ag an am céanna ionas gur féidir linn an córas cumhachta a oibriú ar bhealach slán athléimneach agus freastal ar leibhéil níos airde giniúna in-athnuaite ag an am céanna.

## 7.5 Comhordú OCT-OCD

Tá comhordú feabhsaithe idir EirGrid (mar Oibritheoir Córais Tarchurtha) agus Líonraí BSL (mar Oibritheoir Córais Dáileacháin) tábhachtach chun margaí níos éifeachtúla agus córas cumhachta níos athléimní a sholáthar. Mar chuid dár bPlean Gnó AP6, leanfaidh EirGrid agus Líonraí BSL ag comhoibriú go dlúth agus ag an am céanna ag cur leis an gcaoi a n-oibrímid, ionas gur féidir linn, le chéile, an eangach leictreachais a neartú agus ag an am céanna tacú le comhtháthú breise ar ghiniúint in-athnuaite de réir spriocanna an Rialtais.

## 7.6 Clár Ullmhachta Oibríochta Celtic

Cumasóidh an tIdirnascaire Ceilteach malartú 700 MW leictreachais idir Éire agus an Fhrainc. Agus an leictreachas sin á bhogadh thar achar 575 km, agus 500 km den chábla ag rith faoin bhfarraige, beidh sé de chumas ag an idirnascaire sin leictreachas a sholáthar do 450,000 teach. Is céim thábhachtach é an tionscadal ar aistear fuinnimh na hÉireann chuig todhchaí fuinnimh ísealcharbóin. Cuirfidh sé go mór le slándáil sholáthar leictreachais na hÉireann trí nasc díreach a sholáthar le mór-roinn na hEorpa.

Táthar ag súil go mbeidh an Cábla Idirnascaire Cheiltigh i bhfeidhm laistigh de thréimhse AP6. Dá réir sin, is príomhfhócas é Clár Oibre na hUllmhachta Oibríochta Ceiltí do Phlean Gnó AP6 EirGrid agus cinnteoidh sé go mbeidh ár n-oibríochtaí eangaí agus margaidh araon réidh chun an píosa criticiúil bonneagair sin a chomhtháthú.

## 7.7 Bonneagar an Ionaid Rialaithe

Tá an Lárionad Náisiúnta Rialaithe (LNR) lárnach d'oibriú an Chórais Tarchurtha in Éirinn. Is ann a rialaíonn EirGrid gluaiseacht an tsrutha leictrigh trasna na greille ón áit a ngintear é go dtí an áit ar gá é a úsáid, 24 uair sa lá 365 lá sa bhliain.

Mar chuid dár bPlean Gnó AP6, déanfaidh EirGrid ár mbonneagar lárionaid rialaithe a fhás agus a fhorbairt chun a chinntiú go mbeidh sé ullamh amach anseo chun feidhmeanna nua agus breise a bhainistiú, mar shampla oibriú an chórais amach ón gcósta agus idirnascadh méadaithe.

## 7.8 Plean Líonra Ar Tír

Tá sé de chúram ar EirGrid eangach na hÉireann a dhéanamh réidh don fhuinneamh in-athnuaite i gcomhréir le spriocanna an Rialtais maidir le Gníomhú ar son na hAeráide. D'fhonn na spriocanna sin a bhaint amach, táimid ag cur chun cinn an chláir oibre is uaillmhianaí dá ndearnadh riamh sa chóras tarchurtha in Éirinn. Áirítear leis sin treisithe, uasghráduithe, agus bonneagar nua fud fad na tíre. Tuartar i bPlean Infheistíochta AP6 le haghaidh EirGrid agus Líonraí BSL (ÚST) caiteachas ar 369 tionscadal.

Táthar ag súil go soláthróidh an Plean Líonra ar Tír 876 km d'uasrátaí ar línte atá ann cheana, 181 km de línte lasnairde nua, athsholáthar 55 km de cháblaí faoi thalamh le 319 km de cháblaí nua faoi thalamh agus 40 fostáisiún nua/leathnaithe.

Tá soláthar an bhonneagair sin ríthábhachtach. Ní hamháin chun tacú le huaillmhianta in-athnuaite na hÉireann ach freisin chun a chinntiú gur féidir linn leanúint de bheith ag freastal ar an éileamh méadaitheach ar leictreachas a bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú faoi dhó air faoi 2050.

## 7.9 Plean Líonra agus Ullmhachta Amach ón gCósta

Tá EirGrid freagrach as forbairt, úinéireacht agus oibriú líonra tarchurtha amach ó chósta na hÉireann. Mar chuid den obair sin, áirítear lenár n-ullmhúchán bonneagar tarchurtha a cheannach ó fhorbróirí príobháideacha i gcás thionscadail chéim 1 den chósta thoir, ár gcórais inmheánacha agus ár ngnó a dhéanamh 'réidh maidir lena gcumas amach ón gcósta' d'úinéireacht agus d'oibriú sócmhainní tarchurtha amach ón gcósta, agus sócmhainní tarchurtha amach ón gcósta a thógáil ar chósta theas na hÉireann faoi chéim 2.

Ní mór dúinn an eangach leictreachais amach ón gcósta a fhorbairt chun an oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as na féidearthachtaí a bhaineann le fuinneamh gaoithe amach ó chósta na hÉireann agus níos mó seasmhachta a chuir le soláthar leictreachais ó fhoinse ghlan, in-athnuaite.

Tá roinnt tionscadal fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta á gcur chun cinn cheana féin ag forbróirí príobháideacha i gcéim 1. Nuair a bheidh siad críochnaithe, glacfaidh EirGrid ar láimh na sócmhainní tarchurtha amach ón gcósta a nascann na tionscadail ghiniúna amach ón gcósta sin leis an gcóras tarchurtha.

Ina theannta sin, mar chuid den chur chuige atá faoi stiúir an Rialtais maidir le gaoth amach ón gcósta a sholáthar, tá sé beartaithe againn toilleadh giniúna 900 MW breise a fháil ó fheirmeacha gaoithe amach ó chósta theas na hÉireann faoi chéim 2 – go leor chun cumhacht a sholáthar do bheagnach milliún teach le fuinneamh glan.

Chun nascadh na hacmhainneachta breise 900 MW sin a éascú, tá an tionscadal Cumhachtú Amach ón gcósta an Chósta Theas á chur chun cinn ag EirGrid.

## 7.10 Ár bhfórsa oibre a shaothrú

Agus muid ag dul isteach in AP6, tá bearna acmhainneachta agus cumais lucht saothair os comhair EirGrid ag tráth criticiúil san aistriú glas. Ní hamháin go bhfuil méadú suntasach acmhainneachta de dhíth orainn,

ach ní mór dúinn freisin ár gcumas a fhorbairt chun spriocanna atá ag teacht chun cinn agus spriocanna a bheidh ann amach anseo a bhaint amach.

Sin an fáth a bhfuil sonraí inár bPlean Gnó AP6 freisin maidir leis an ngá atá lenár lucht saothair a fhorbairt chun a chinntiú gur féidir linn leanúint de thacaíocht a thabhairt do chuspóirí aeráide an Rialtais.

# 8 Infheistiú i dtodhchaí na hÉireann

Chun cuspóirí aeráide an Rialtais a bhaint amach, beidh gá le claochlú suntasach a dhéanamh ar an gcóras cumhachta ionas gur féidir linn imeacht ó bhreoslaí iontaise ardcharbóin le haghaidh téimh agus iompair, i dtreo leictreachas glan inbhuanaithe.

Chuige sin, beidh gá le hinfheistíocht shubstaintiúil mharthanach i líonra leictreachais na hÉireann. Mar sin féin, tá an t-aistriú sin ríthábhachtach chun roinnt tairbhí fadtéarmacha a scaoileadh, lena n-áirítear:

- Eangach níos solúbtha, níos idirnasctha agus níos athléimní.
- Níos mó neamhspleáchais fuinnimh.
- Todhchaí níos glaine, níos inbhuanaithe.
- Slándáil agus éifeachtúlacht theicniúil fheabhsaithe.
- Fás eacnamaíoch agus forbairt sochaí níos láidre.
- Leictriú níos mó maidir le teas agus iompar.
- Réadú ár n-acmhainní leictreachais in-athnuaite amach ón gcósta.
- Rochtain ar mhargaí leictreachais an Aontais tar éis chomhtháthú an Idirnascaire Cheiltigh idir Éire agus an Fhrainc.

Déantar oibriú an chórais tarchurtha agus na hoibreacha tarchurtha go léir a dhéanann EirGrid agus Líonraí BSL (OCD) a mhaoiniú le himeacht ama trí mhuirir Úsáid Tarchurtha an Chórais. Íocann gach úsáideoir (gineadóirí, tionscal, gnólachtaí agus teaghlaigh) ‘muirir úsáid an chórais’. I gcás teaghlach, is iad soláthróirí a íocann na muirir sin ar an gcéad dul síos.

De réir mar a leanaimid orainn ag tacú le cuspóirí aeráide na hÉireann, tugann EirGrid aird ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith aige ar gach úsáideoir. Dá réir sin, déantar iarracht lenár bPlean Gnó AP6 soláthar a dhéanamh ar an méid a theastaíonn ón eangach chun spriocanna Rialtais agus rialála a éascú ar bhealach éifeachtúil.

Tá achoimre ardleibhéil curtha ar fáil againn ar na costais thíos, ar tír agus amach ón gcósta araon

(Féach ).

Léiríonn an ceanglas infheistíochta maidir le Tarchur Amach ón gCósta meastachán ardleibhéil bunaithe ar thrí chás éagsúla. Braithfidh an infheistíocht iarbhír is gá ar líon na bhfeirmeacha gaoithe amach ón gcósta a nascann faoi 2030. Chun an éiginnteacht sin a bhainistiú, beidh gá le creat infheistíochta lúfar thar AP6.

Léiríonn an Caiteachas Caipitil Neamh-Líonra (Capex) infheistíocht riachtanach EirGrid i bhforbairt ár gcroíchóras TF, chun tacú le gníomhaíochtaí ar tír agus amach ón gcósta, le cláir chriticiúla uile-oileáin agus le cláir Threochlár Soláthair AP6.

Ar deireadh, tá dhá ghrúpa costais sna costais Caiteachais Oibríochtúil:

- Costais inrialaithe – Baineann siad sin le costais laethúla agus athfhillteacha EirGrid amhail costais acmhainní, saoráidí, ceadúnú TF agus costais seirbhíse, agus costais ghinearálta ghnó.
- **Costais Neamh-Inrialaithe** – Baineann siad sin le costais sheachtracha a thabhaíonn EirGrid, mar OCT, agus ár bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh againn.

| **Cur Síos**<br>**(Airgead 2024 **)** | **Réamhaisnéis Iomlán ar Tír (€'bn)*** | **Réamhaisnéis Iomlán Amach ón gCósta (€'bn)*** |
|---|---|---|
| Caipiteal Tarchurtha | *Féach an nóta sa bhosca téacs faoin tábla seo* | €0.7 go €4.2 |
| Caiteachas Caipitil Neamh-Líonra | €0.7 | €0.08 |
| Caiteachas Oibríochtúil *Inrialaithe*<br>*Neamh-Rialaithe* | <br>€1.1<br>€1.1 | <br>€0.47 go €0.52<br>- |
| **Iomlán na gCostas** | **€2.9** | **€1.25 go €4.8** |
| **Iomlán ar Tír agus Amach ón gCósta** | **€4.15 go €7.7** | |

*Tábla – Achoimre ar Chostas AP61*

* *Gach uimhir faoi réir slánú.*
***Socraíodh na costais uile in airgead 2024 lena n-eisiatar aon bhoilsciú réamhaisnéise.*

*Áirítear costais caiteachais chaipitil líonra ar tír i dtograí OCD Líonraí BSL a cuireadh faoi bhráid an CRU, lena n-áirítear sciar EirGrid de na costais sin. Braithfidh an infheistíocht iarbhír is gá le haghaidh tarchur ar tír ar líon agus ar chineál na dtionscadal líonraí ar tír a ndéanfar dul chun cinn orthu le linn na tréimhse. Is é €262m sciar EirGrid (OCT) de na costais sin agus tuartar go mbeidh siad mar an gcéanna ag ceachtar ceann den raon measta.*

An costas tipiciúil atá ann cheana do theaghlaigh a eascraíonn as an méid seo a leanas: is é €57 in aghaidh na bliana na costais inrialaithe OCT, an cistiú le haghaidh caiteachas caipitil neamhlíonra, agus an cistiú le haghaidh caiteachas caipitil líonra amach ón gcósta. Is ionann é sin agus thart ar 3% de bhille leictreachais iomlán teaghlaigh, atá, ar an meán, beagán os cionn €1,900 in aghaidh na bliana (CBL san áireamh).

Chomh maith leis sin, cumhdaíonn EirGrid costais neamh-inrialaithe agus costas seirbhísí córais tríd an Muirear ar Úsáid Tarchurtha an Chórais. Aisghabhfar costas na seirbhísí córais amach anseo trí mhuirir an Chláir um Shocruithe Amach Anseo le haghaidh Seirbhísí Córais. I dteannta a chéile, chuirfeadh siad seo thart ar €60 eile le bille in aghaidh na bliana, mar sin 3% eile den bhille foriomlán.

Aisghabhadh na costais a bhaineann le seirbhísí córais fíor-riachtanacha a dhaingniú trí Úsáid Tarchurtha an Chórais go stairiúil. Ó 2026/2027, déanfar é sin a chistiú trí tharaif ar leith maidir le Socruithe Amach Anseo le haghaidh Seirbhísí Córais.

Braithfidh na costais iarbhír a íocfaidh custaiméirí ar bhreithniú deiridh an phlean gnó ag an CRU.

Chun tacú lenár ról leathnaithe i bhforbairt gaoithe amach ón gcósta, thug ár Scairshealbhóir (arb é an rialtas é) le fios go gcuirfidh sé infheistiú cothromais ar fáil chun tacú le EirGrid cistí a thiomsú chun sócmhainní tarchurtha amach ón gcósta a fhorbairt agus a fháil.

Go hachomair, rinneadh tograí caiteachais EirGrid a mheas go cúramach agus a dhearadh chun tacú le spriocanna an Rialtais a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach, éifeachtúil, sábháilte, iontaofa agus slán. Agus cé go bhfuilimid ag súil go mbeidh tionchar ar bhillí teaghlaigh, ba cheart breathnú air seo mar infheistíocht fhadtéarmach a thacaíonn le todhchaí níos glaine agus níos inbhuanaithe d'Éirinn.

# 9 Conclúid

Léirítear i bPlean Gnó AP6 EirGrid an leibhéal oibre nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe is gá chun an eangach tarchurtha a dhéanamh níos athléimní agus níos réidh don fhuinneamh in-athnuaite, chomh maith le ról nua EirGrid amach ón gcósta. Beidh gá le hathruithe suntasacha ar an gcóras leictreachais mar gheall ar an bhfás ar fhoinsí ísealcharbóin agus in-athnuaite. Ní mór do EirGrid an eangach a dhéanamh níos láidre agus níos solúbtha freisin.

I bhfianaise scála an athraithe, ní mór go leor bonneagair eangaí nua a sholáthar, lena n-áirítear cáblaí faoi thalamh, piolóin, línte lasnairde agus fostáisiúin.

Cuirfidh sé sin leis an dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas trí threisithe suntasacha a chur leis an gcóras tarchurtha agus trí thionscadail bhonneagair chriticiúla a chur chun cinn, le tacaíocht ó infheistíocht arna soláthar trí AP5.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil i bplean gnó AP6 EirGrid ach cuid amháin de threochlár straitéiseach arb é is aidhm dó an dúshraith a leagan síos le haghaidh tuilleadh infheistíochta tar éis 2030.

Le linn na tréimhse comhairliúcháin, rachaidh EirGrid i dteagmháil go forleathan leis an CRU maidir lena dhréachtchinneadh. Tar éis don CRU an cinneadh deiridh a fhoilsiú, agus laistigh de pharaiméadair AP6, féachfaidh EirGrid lenár n-uaillmhianta a leagtar amach i bPlean Gnó AP6 don tréimhse 2026–2030 a bhaint amach.

Le linn na tréimhse criticiúla seo don eangach, creidimid go gcuirfidh ár gclár oibre AP6 ar chumas EirGrid ár gcion a dhéanamh chun spriocanna fuinnimh agus aeráide na hÉireann a bhaint amach agus muid ag leanúint de dhul chun cinn a spreagadh i dtreo todhchaí níos glaine agus níos inbhuanaithe.